

EOLAS THÁBHACHTACH
FOIRM TUAIRISCEÁIN LÉASA TRÁCHTÁLA

- **Cé a bhfuil ceanglas reachtúil air Foirm Tuairisceáin Léasa Tráchtála a chur isteach?** – Tá ceanglas reachtúil Foirm Tuairisceáin Léasa Tráchtála a chur isteach ar thionónta ar bith (duine, cuideachta, eagraíocht nó comhlacht poiblí) a thógann léas tráchtála amach a íoctar dleacht stampála leis na Coimisinéirí Ioncaim ina leith. Áirítear leis an gceanglas sin léasanna a chuaigh in éag nó a géilleadh agus nár cuireadh tuairisceán faoi bhráid an Údaráis ina leith.
- **Céard atá san áireamh sa sainmhíniú ar léas tráchtála?** – Tá léasanna oifige, léasanna miondíola, léasanna tionsclaíocha agus an chuid is mó de léasanna talmhaíochta nó talún san áireamh sa sainmhíniú seo. Déanta na fírinne, tá beagnach gach léas a íoctar dleacht stampála leis na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh.
- **Cén áit nach mór dom tuairisceán léasa tráchtála a chlárú?** – Téigh chuig www.psr.ie agus cuir eolas faoi do léas tráchtála isteach ar an bhfoirm ar líne.
- **Cén uair?** – Ní mór tuairisceáin léasa tráchtála a chlárú laistigh de 30 lá ón Deimhniú Dleachta Stampála a fháil (rud a dtugtar uimhir aitheantais Doiciméid na gCoimisinéirí Ioncaim air freisin, e.g. 1800881882U).
- **Cén fáth?** – Cuirtear ceangal dlíthiúil le halt 88 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, ar thionóntaí léasanna tráchtála an eolas riachtanach a chur ar fáil. Ní mór an fhoirm a chomhlanú ar líne ag www.psr.ie

NB - Ní gá tuairisceán a chur isteach i leith “Comhaontú chun Léasú” nó Ceadúnas. Mar sin féin, ní mór an tuairisceán riachtanach a chur isteach nuair a thagann an Comhaontú chun Léasú” in éifeacht mar Léas.

Naisc úsáideacha: An Oifig Luachála: www.valoff.ie

An Oifig Stampála: www.revenue.ie

Tá an tÚdarás anseo chun cabhrú leat. Is féidir glaoch orainn ag 046-9033800. Bíonn ár línte teileafóin ar oscailt ó Luan go hAoine idir 10:00 agus 12:30 agus idir 14:30 agus 16:00.